Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7337/26**

**SOC 152**
**EMPL 66**
**SAN 154**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad láncohmhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Liotuáine |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad lánchomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Liotuáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

1 IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 5 Márta 2025[2], cheap an Chomhairle lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 6 Márta 2025 go dtí an 5 Márta 2028.

(2) Tá suíochán lánchomhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Audrius GELŽINIS a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Liotuáine don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2025 lena gceaptar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C C/2025/1689, ELI:http://data.europa.eu/eli/C/2025/1689/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Odeta LEŠINSKAITĖ ina lánchomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Audrius GELŽINIS ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 5 Márta 2028.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*